**Cork Kerry Community Healthcare**
Health Service Executive,
Immunisations Department,
Rathass, Tralee, Co Kerry
Eircode: V92 YA25

Aibreán 2023

**Maidir le: Clár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan**

**A Thuismitheoir, a Chaomhnóir nó a Dhaltaí,**
Sa litir seo gheobhaidh tú eolas faoi Chlár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan.
Tá deis eile á thairiscint ag an FnaSS do dhaoine óga iad féin a chosaint ó HPV, tríd an vacsaín HPV a fháil, mura bhfuair siad an vacsaín nuair a cuireadh ar fáil dóibh é roimhe seo.
Tá an deis seo ar fáil i 2023 do dhaoine incháilithe chun an vacsaín HPV a fháil.

**Cé dó an vacsaín atá á thairiscint?**
Tá an vacsaín HPV (Papalómaivíreas Daonna) á thairiscint do na daltaí seo a leanas;

- Baineannaigh (atá i mbliain 2 go bliain 6 faoi láthair) nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu.
- Fireannaigh (atá i mbliain 2 go bliain 4 faoi láthair (5ú bliain mura ndearna siad an idirbhliain) nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu.

Tá vacsaíniú HPV á thairiscint i mbliana do dhaltaí (buachaillí agus cailíní) atá sa chéad bhliain faoi láthair mar chuid de ghnáthsceideal imdhíonta na scoile.

**Cé mhéad dáileog atá ag teastáil?**
Athraíodh moltaí an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) maidir le líon na dáileoga vacsaíne HPV atá ag teastáil le déanaí. Níl ach dáileog amháin den vacsaín HPV ag teastáil ó an chuid is mó de na daltaí (má tá córas imdhíonachta lag ag do leanbh beidh 3 dháileog ag teastáil uaidh/uaithi). Tá tuilleadh eolais le fáil ar an suíomh www.hpv.ie

**Cad ba chóir a dhéanamh má tá an vacsaín HPV faighte agat/ag do leanbh cheana féin?**
Má tá dáileog amháin ar a laghad den vacsaín HPV faighte ag do leanbh cheana féin, ní bheidh dáileog eile den vacsaín ag teastáil uaidh/uathi. Má tá córas imdhíonachta lag aige/aici agus mura chríochnaigh siad an cúrsa vacsaíne HPV nuair a tairgeadh é, déan teagmháil le foireann vacsaínithe na scoile le do thoil.

**Cá bhfuil teacht agam féin/ mo leanbh ar vacsaíniú?**
Má tá do leanbh 15 bliana d'aois nó níos óige agus i dteideal clár vacsainiú 'teacht aniar' ***HPV Laura Brennan*** beidh tú ábalta teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Imdhíonta, Ráth Theas i dTrá Lí. Dé Máirt, 16 Bealtaine, 2023 an dáta ata socraithe don chlinic. Chun coinne a shocrú do'd leanbh déan teagmháil le Catherine Kearney ag (066) 71 956 82 (Buachaillí) nó Kerry Anne Mooney ag (066) 71 845 70 (Cailíní). Is féidir leo siúd atá 16 bliana d'aois nó os a chionn clárú iad féin don vacsaín áirithe seo ag www.hpv.ie

**Cá mbeidh an vacsaín ar fáil?**
Cuirfidh foireann vacsaínithe an HSE an vacsaín ar fáil duit/ do'd leanbh in ionad vacsaíniú covid, Borg Warner, Eastát Tionscalaíochta Móin an Bhaile, Trá Lí, V92HT21.

Mise le meas,
Eibhlín Nic Suibhne
Stiúrthóir Altranais Sláinte Poiblí

Mise le Meas,
Eibhlín Ní Ghealbháin
Stiúrthóir Cúnta Altranais Sláinte Poiblí